CAIBIDIL 10

Oidhreacht Tógtha

10.1. Oidhreacht seandálaíochta

10.1.1 Is acmhainn uathúil agus speisialta í oidhreacht seandálaíochta na contae, a dhéanann suas eilimint sainiúil den tírdhreach agus do fhéiniúlacht stairiúil áitiúil. Tá rath i gcónaí ar iarsmaí seandálaíochta taifeadta ar fud an chontae, na dátaí ag réimniú ón Méisiliteach (c.6,000 RC) ag Ferriter's Cove ar Leithinis an Daingin go dtí na séipéil meánaoiseacha déanacha atá in an-chuid de reiligí an chontae. Le blianta beaga anuas tá méadú suntasach tar éis tarlú ar ghníomhaíochtaí tógtha agus ar astarraingt ar acmhainní nádúrtha. Le chéile le méadú i bhforaoisiú agus modhanna feirmeoireachta athraitheacha cuireann sé seo leis an bhagairt mhéadaitheach atá ar oidhreacht seandálaíochta an chontae.

10.1.2 Rinne Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (arna leasú) 1994 forálacha le haghaidh tiomsú ar thaifeadadh ar gach séadchomhartha ar eolas sa Chontae – Taifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna (RMP). Tá Taifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna déanta suas de ghrúpa de léarscáileanna srianta arna bhfuil gach suíomh seandálaíochta sa chontae marcáilte a bhí ar eolas ag an Aire i 1997. Mar thionlacan tá lámhleabhar, le liostáil tuairisciúil de gach suíomh. Tá gach suíomh atá marcáilte ar na léarscáileanna RMP srianta cosanta faoi Rannóg 12 de Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1994.

10.1.3 De réir mar a aimsítear tréithe agus séadchomharthaí nua de bharr taighde agus measúnú seandálaíochta curtha chun cinn ag forbairt, monatóireacht, tástáil agus tochailt, cruthaítear an dara sraith de shéadchomharthaí nach bhfuil san áireamh san RMP. Tá sé ar intinn go nuashonródh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an RMP ag eatraimh rialta, tá nuashonrú ar RMP Chiarraí á mholadh faoi láthair do 2008.

10.1.4 Is féidir cóipeanna de na léarscáileanna srianta agus an lámhleabhar a théann le Taifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna a fheiceáil ag Leabharlann an Chontae, Iarsmalann Chontae Chiarraí & ceanncheathrú Comhairle Contae Chiarraí.

Tagairt don Reachtaíocht Ábhartha

10.1.5. Tá ról ar leith ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Ard-Mhúsaem na hÉireann maidir le cosaint na hoidhreachta seandálaíochta. Tá a gcuid cumhachtaí agus feidhmeanna ar fáil sa reachtaíocht seo a leanas:

1. Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2004
2. An tAcht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997.
3. Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2007 agus na Rialacháin Phleanála déanta faoin gcéanna.

10.1.6. Cuireann liostáil de na séadchomharthaí i dTaifead na Séadchomharthaí & Áiteanna cosaint áirithe ar fáil do na hiarsmaí seandálaíochta. Tá roinnt séadchomhartha laistigh den chontae le cosaint sa bhreis toisc go bhfuil siad faoi úinéireacht nó faoi choimirce an stáit nó mar ábhar de oird chaomhnaithe agus chláraithe (féach aguisín 1A go 1D).

Léirítear Séadchomharthaí agus Suímh Seandálaíochta atá faoi úinéireacht an Stáit in Aguisín 1(a**).**

Léirítear Séadchomharthaí agus Suímh Seandálaíochta atá faoi choimirce an Stáit in Aguisín 1(b).

Léirítear Séadchomharthaí agus Suímh Seandálaíochta atá faoi réir Oird Chaomhnaithe Sealadacha in Aguisín 1(c).

Léirítear Séadchomharthaí agus Suímh Seandálaíochta atá faoi réir Cláraithe in Aguisín 1(d).

10.1.7. Cloífidh an Chomhairle le moltaí agus treoir Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus comhlachtaí reachtúla eile maidir le iarratais phleanála a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar shéadchomharthaí agus suímh atá san áireamh i dTaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna. Lorgófar comhairle ón tSeirbhís Náisiúnta um Shéadchomharthaí agus ó Sheandálaí an Chontae maidir le séadchomharthaí agus tréithe seandálaíocha agus séadchomharthaí féideartha nach bhfuil san áireamh san RMP go fóill.

Nuair a chuirtear as do ábhar seandálaíochta nó nuair a lonnaítear forbairt laistigh de chrios le cumas seandálaíochta, loitear suíomh an tséadchomhartha agus is féidir leis seo tógáil ó ionracas agus ó fhéiniúlacht stairiúil bainteach leis an tséadchomhartha. Caithfear measúnú a dhéanamh ar thionchar ar an tírdhreacha máguaird chomh maith. Ba cheart d'aon fhorbairt laistigh de nó díreach in aice le séadchomhartha taifeadta measúnú seandálaíochta a chuir isteach chun na tionchair dóchúla a bheadh ar an séadchomhartha a dhéanamh amach agus na bearta maolaithe ar cheart cloí leo a fháil amach, má tá an fhorbairt ag dul ar aghaidh.

Ní bhreathnóidh an tÚdarás Pleanála go fabhrach ar aon fhorbairt a scriosadh, a dhéanadh damáiste nó a d'athródh aon suíomh le tábhacht seandálaíochta.

Sa bhreis ar seo déanfaidh an tÚdarás Pleanála iarracht na radhairc agus na hamhairc ar shéadchomharthaí taifeadta agus struchtúir chosanta a chosaint agus a chaomhnú, áit is cuí.

Tá coireanna agus pionóis le haghaidh daoine a scriosann/a dhéanann damáiste/ a mbíonn droch-thionchar acu ar Shéadchomhartha Taifeadta nó a dtimpeallacht leagtha amach i Rannóg 13 den tAcht um Séadchomharthaí Náisiúnta (arna leasú) 1994.

10.1.8. D'fhéadfaí, i gcásanna áirithe, breathnú ar struchtúir sheandálaíochta mar oidhreacht seandálaíochta, agus sa bhreis ar seo beidh siad:

1. San áireamh i dTaifead na Struchtúr Cosanta
2. Clúdaithe ag na forálacha leagtha amach i rannóg 9.2 Oidhreacht Seandálaíochta.

Cuspóir Uimh.	Oidhreacht Seandálaíochta
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
BH 10-1	**Séadchomharthaí agus Suímh Seandálaíochta atá san áireamh i dTaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna (RMP) a chaomhnú** Caomhnú gach séadchomhartha agus suíomh seandálaíochta atá san áireamh i dTaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna (RMP) a chinntiú mar atá bunaithe faoi rannóg 12 de Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (arna leasú) 1994. Agus caomhnú mar seo a chinntiú, beidh aird ar leith ag an Chomhairle ar chomhairle agus ar mholtaí Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Ard-Mhúsaem na hÉireann agus gníomhaireachtaí reachtúla eile. Le haghaidh suímh a aithníodh ach nach cuireadh leis an RMP fós, beidh aird ar leith ag an roinn phleanála ar chomhairle agus ar mholtaí an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta agus ar Sheandálaí an Chontae.

BH 10-2	**Suímh Seandálaíochta a Aithint.** Aird a thabhairt ar chomhairle agus ar mholtaí Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Ard-Mhúsaem na hÉireann agus gníomhaireachtaí reachtúla eile in aithint agus cosaint a dhéanamh ar gach suíomh seandálaíochta nach raibh aitheanta roimhe seo.
BH 10-3	**Cosaint ar Shuímh a bhfuil Spéis Seandálaíochta ag baint leo** Cinntiú nach mbeidh tógáil aon struchtúr in aice láimhe le nó i ngiorracht de shéadchomhartha nó de thréith seandálaíochta díobhálach do charachtar an tséadchomhartha/gné nó an timpeallacht tírdhreacha, agus go mbeidh sé suite agus deartha go tuisceanach le carachtar an tséadchomhartha/gné nó an tsuímh.
BH 10-4	**Meabhraíocht Phoiblí & Treorú Comhairleach** Meabhraíocht phoiblí a chur chun cinn agus éascú a dhéanamh ar threorú comhairleach cuí maidir le cosaint ar oidhreacht seandálaíochta an chontae.

10.2 Oidhreacht Ailtireachta

10.2.1. Tá ról suntasach ag oidhreacht ailtireachta mar iompróir ar aitheantas áitiúil ag foirmiú nasc go cultúr, stair, eacnamaíocht agus slí bheatha glúine a d'imigh romhainn. Déanann oidhreacht ailtireachta suas féiniúlacht tiomsaitheach sochaí agus taifead ar áiteanna, sráidbhailte agus bailte. Ní hamháin go gcuimsíonn ár oidhreacht ailtireachta foirgnimh le tábhacht náisiúnta, ach cuimsítear struchtúir níos measartha chomh maith ó áitribh thuí go tithe beaga eastáit go feirmeacha agus tithe lasmuigh. Cuireann an réimse leathan cineálacha foirgnimh le carachtar speisialta an chontae agus is acmhainn uathúil í nach féidir a ionadú má chailltear nó má dhéantar damáiste di.

Treochtaí i gceantair uirbeacha.

10.2.2. Sular tharla tionsclú ar an tionscal tógtha, tháinig an timpeallacht tógtha chun cinn trí leanúint leis na teicnící tógtha eisigh, iad ag ath-tógáil agus ag ionchorprú foirgnimh agus tréithe eisigh isteach i bhfoirgnimh nua go rialta.

10.2.3. Mar thoradh ar seo bhí fás comhchuí ar shráidbhailte agus ar bhailte, áit a mbeadh carachtar agus scála cosúil ag forbairtí nua leis na foirgnimh sa timpeallacht, ag cruthú na creatlaí uirbeach. Bíonn an chuid is mó de na bailte agus na sráidbhailte coimeádta go maith agus bíonn úinéirí réadmhaoine bródúil as an chothabháil agus an fhorbairt cheart ar a gcuid struchtúir.

10.2.4. Thar na deich mbliana is déanaí tá na struchtúir eisigh laistigh de na lárionaid stairiúla i mbailte agus sráidbhailte tar éis dul trí thrasfhoirmiú iomlán mar thoradh ar athrú in úsáid, cineálacha éagsúla foirgnimh nua a thabhairt isteach agus dlús tógála níos airde. Le teicnící tógála nua-aimseartha is féidir anois toisí agus réisí a chruthú atá i bhfad níos mó ná iad siúd is féidir a bhaint amach le teicnící tógála traidisiúnta. Is féidir leis seo a chuid fadhbanna féin a chruthú laistigh de cheantair tógtha i mbailte agus i sráidbhailte.

10.2.5. Sna cásanna seo, d'fhéadfadh foirgnimh nua an timpeallacht uirbeach a smachtú nó a loit go héasca le toisí móra na bhfoirgneamh nó trí chomhpháirteanna as an scála cosúil le oscailtí móra gloinithe

10.2.6. D'fhéadfadh athruithe go foirgnimh eisigh trí chomhpháirteanna as an scála a chuir isteach, athruithe a dhéanamh ar bhallchríocha seachtracha agus ábhair neamh-thraidisiúnta a úsáid droch-thionchar a bheith acu chomh maith ar fhoirgnimh ar leith agus ar an timpeallacht láithreach.

10.2.7. Mar sin, is féidir achoimre a dhéanamh ar na ceisteanna a thagann suas laistigh de bhailte agus sráidbhailte stairiúla mar:

1. Ath-mhúnlú a dhéanamh ar aghaidheanna sráideanna ar thithe cathracha traidisiúnta agus sonraí áirithe foirgnimh a bhaint gan aird a thabhairt ar an bhfoirm thraidisiúnta.
2. Athchur ar fhuinneoga agus doirse le frámaí adhmaid traidisiúnta le dearaidh nua, frámaithe le ábhair neamh-thraidisiúnta cosúil le alúmanam agus PVC neamhphlaistithe.
3. Foirgnimh, cosúil le tithe cathracha, tithe lasmuigh agus trádstórais a scartáil.
4. Forbairtí inlíontacha as an scála.
5. Truailliú solais trí shoilsiú sráide neamh-mhothálach agus tuilsoilsiú ar struchtúir aonaracha.
6. Cáblú líonra lasnairde.
7. Úsáid mhí-oiriúnach struchtúir phaistíse.
8. Baint mhí-oiriúnach obair phlástair chun an creatlach cloiche a nochtadh.
9. Suí ionsáite ar sheirbhísí agus trealamh nua-aimseartha.
10. Síntí a bhíonn i gcoimhlint leis an stíl bhunaidh.

Treóchtaí Faoin Tuath

10.2.8. Tá an chuid is mó de na teachíní agus na sealúchais fheirme faoi úinéireacht teaghlaigh le haghaidh roinnt mhaith glúine. Bíonn an chuid is mó de úinéirí tithe feirme traidisiúnta bródúil as cothabháil dílis a gcuid tithe agus bíonn siad feasach faoi thábhacht na gclaíocha cloiche traidisiúnta agus na hiarsmaí seandálaíochta lonnaithe ar a gcuid tailte.
Tá roinnt mhaith ceisteanna tar éis teacht suas, áfach, mar gheall ar fhachtóirí éagsúla cosúil leis an méadú i líon na dtithe aonuaire nua, athruithe i gcleachtaí feirmeoireachta agus laghdú in úsáid agus cothabháil ar theachíní tuaithe traidisiúnta.

10.2.9. Is féidir na saincheisteanna seo a hachoimriú mar seo a leanas:

1. Sárú ar iarsmaí foirgnimh seandálaíochta agus a gcuid timpeallachaí mar gheall ar thithe aonuaire, scéimeanna tithíochta agus forbairtí eile.
2. Trochlú agus scartáil ar chlaíocha cloiche mar gheall ar athruithe ar chleachtaí feirmeoireachta.
3. Trochlú agus scartáil ar theachíní tuaithe dúchasacha aonuaire beaga.
4. Deisithe mí-oiriúnacha cosúil le fuinneoga neamh-thraidisiúnta a shuiteáil agus moirtéal agus plastráil mí-oiriúnacha a úsáid.

Cuspóirí – Cur Chuige i leith na hOidhreachta Ailtireachta

10.2.10. Déanann Comhairle Contae Chiarraí iarracht forbairt chuí a chur chun cinn agus a chinntiú, agus athneartú agus cosaint a dhéanamh ar oidhreacht seandálaíochta na contae. Ní fhéachfar ar an oidhreacht ailtireachta mar thimpeallacht ina stad, ach breathnófar ar mar ghné atá ag fabhrú thar ama sa todhchaí mar a d'fhabhraigh sé san am atá thart. Réamh-mheastar trí fheasacht a ardú go bhforbróidh tuiscint níos fearr ar oidhreacht tógtha an chontae, le chéile le feachtas chun oidhreacht suntasach an chontae a chosaint.

Tá cineál áitribh ar leith ag gach réigiún, toisc go n-úsáideadh ábhair thógtha difriúla i réigiúin difriúla san am atá thart. Tá fianaise ó na hábhair agus na stíleanna seo fós ann agus tá siad comónta ar fud an chontae. Níl ceirdeanna traidisiúnta cosúil le tuíodóireacht agus níochán aoil leitheadach a thuilleadh mar gheall ar theicnící tógtha nua-aimseartha.

Go sonrach, is féidir le hailtireacht dúchasach an-chuid ceachtanna a mhúineadh dúinn, lena n-áirítear láithreánú oiriúnach áitribh chun fuinneamh a uasmhéadú agus an féidearthacht obair leis an tírdhreach a "shaoradh".

Beidh meas ag forbairtí atá molta laistigh de Cheantar Caomhnaithe Ailtireachta nó in aice le Struchtúir Chosanta nó Séadchomharthaí Taifeadta ar an ailtireacht dúchasach bhunaithe cosúil le airde na bhfoirgneamh, cóiriú na bhfuinneog agus dearadh áit is cuí agus áit is féidir.

Áiríonn ailtireacht dúchasach foirgnimh le spéis suntasach áitiúil laistigh de lonnaíocht nach mbeadh taifeadta nó ar liosta na struchtúir chosanta ó riachtanas. Mar sin féin, cuireann na foirgnimh seo lena spéis suntasach áitiúil leis an oidhreacht ailtireachta foriomlán sa cheantar agus cuirtear leis an tsráid-dreach agus le féiniúlacht áitiúil an cheantair. Déanfaidh an tÚdarás Pleanála iarracht na foirgnimh seo a chaomhnú agus iniúchadh a dhéanamh ar a gcuimsiú ar Thaifead na Struchtúr Cosanta.
Ní spreagfaidh an tÚdarás Pleanála scartáil ar ailtireacht dúchasach a mheastar a bhfuil fiúntas stairiúil, aeistéitiúil, sóisialta nó cultúrtha ag baint léi a chuireann le carachtar agus cuma ceantair.

Tá reiligí mar chuid tábhachtach den oidhreacht áitiúil chomh maith agus go minic bíonn iarsmaí de struchtúir níos luaithe ar a gcuid tailte nó séadchomharthaí adhlactha tábhachtacha agus tuamaí inscríofa go casta le fáil iontu. Cuireann siad seo leis an stair ailtireachta chomh maith leis an stair sóisialta agus cultúrtha i gceantair. Tá roinnt reiligí san áireamh i dTaifead na Séadchomharthaí agus Áiteanna. Ní spreagfaidh an tÚdarás Pleanála aon fhorbairt a chuireadh isteach ar reiligí eisigh.

Cuspóir Uimh.	Oidhreacht Ailtireachta
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
BH 10-5	**Forbairt ar Oidhreacht Ailtireachta** Cur chuige oscailte a chleachtadh i dtreo cothabháil agus forbairt ar an oidhreacht ailtireachta, ag tabhairt aird ar chaighdeáin an chomhthéacs ailtireachta agus na riachtanais nua-aimseartha a bhaineann le sábháilteacht, compord agus úsáid, mar sin ag éascú leanúnachais in úsáid oidhreacht ailtireachta i mbealach inbhuanaitheach.
BH 10-6	**Treorú Comhairleach agus Meabhraíocht Phoiblí** Treorú comhairleach oiriúnach a éascú agus a chleachtadh maidir le cothabháil agus forbairt na hoidhreachta ailtireachta.

Tagairt don Reachtaíocht Ábhartha

10.2.11. Luann Cuid IV den tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, go mbeadh spéis tábhachtach ag baint le struchtúr nó ceantar ar leith má bhíonn ar a laghad ceann amháin de na saintréithe seo a leanas ag baint leis:

1. Luachanna ailtireachta,
2. Luachanna seandálaíochta,
3. Luachanna cultúrtha,
4. Luachanna sóisialta,
5. Luachanna stairiúla,
6. Luachanna ealaíonta,
7. Luachanna eolaíocha, nó
8. Luachanna teicniúla.

10.2.12. Tá struchtúr le ar a laghad ceann amháin de na saintréithe sainspéise i dteideal bheith san áireamh i dTaifead na Struchtúr Cosanta. I measc na gnéithe atá ag Struchtúr Cosanta, atá cosanta faoin reachtaíocht ábhartha, tá daingneáin seachtracha agus inmheánacha, feistis, agus cúirtealáiste agus tailte a ghabhann leis an struchtúir. San áireamh chomh maith tá struchtúir eile laistigh den gcúirtealáiste sin agus an méid a bhaineann leo lasmuigh agus laistigh agus na tailte a ghabhann leo. Déanann cúirtealáiste tagairt don "parcel of land immediately associated with that structure and which is/ was in use for the purpose of that structure."
***Foinse:** Architectural Heritage Protection Guidelines for Planning Authorities, RCORÁ 2004

10.2.13. Tá áit, ceantar nó grúpa struchtúir nó sráid-dreach a bhfuil ar a laghad ceann amháin de na saintréithe sainspéise acu i dteideal ainmnithe mar Cheantar Caomhnaithe Ailtireachta (ACA). D'fhéadfadh go mbeadh nó nach mbeadh ACA san áireamh sna Struchtúir Chosanta. In ACA beidh comhlíonadh ar obair ar thaobh seachtrach struchtúir mar fhorbairt díolmhaithe sa chás nach mbeadh éifeacht ábhartha ag na hoibreacha seo ar charachtar na háite. Caithfear cead pleanála a fháil sula gcomhlíontar oibreacha suntasacha ar thaobh amuigh de struchtúr in ACA, a d'fhéadfadh carachtar an struchtúir nó an ACA a athrú. Tugann an t-ainmniú seo cead do fhabhrú ag do fhorbairt cheantair fad is atá a gcarachtar agus sainiúlacht riachtanach á choimeád.

10.2.14**.** Foirmeofar pleananna bainistíochta do na ACAanna seo, chun cosaint agus feabhsú a dhéanamh ar a gcarachtar. Sna pleananna seo áireofar sonraí ar chritéir le haghaidh ainmniú, teorainn, ráiteas ar charachtar, ceisteanna agus polasaithe bainistíochta forbartha.

10.2.15**.** D'fhéadfadh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil moltaí a dhéanamh go húdarás pleanála maidir le struchtúir áirithe, codanna ar leith i struchtúir áirithe nó tréithe sainiúla a chuir san áireamh. Tabharfaidh an Chomhairle aird ar aon mholadh a dhéanann an Roinn.

10.2.16. Is féidir leis an gComhairle struchtúr a chur le Taifead na Struchtúr Cosanta nó ceantar a ainmniú mar ACA áit is cuí, i dtuairim an Chomhairle.

10.2.17. D'fhéadfadh úinéir nó áititheoir Struchtúr Cosanta iarratas scríofa a dhéanamh chuig an tÚdarás Pleanála maidir leis na cineálacha oibre a mheasadh sé a bheadh nó nach mbeadh éifeacht ábhartha acu ar charachtar struchtúir, nó ar aon eilimint den struchtúr sin a chuireann lena sainspéis.

10.2.18. Is céim dhearfach í stádas Struchtúr Cosanta go foirgnimh a ainmniú lena bhfadmharthain a chinntiú. Ní chuireann sé bac ar ath-fhorbairt nó ar fheabhsuithe cé nach féidir le úinéirí Struchtúir Chosanta leas a bhaint as forálacha forbartha díolmhaithe.

10.2.19. Feidhmíonn Comhairle Contae Chiarraí Scéim Deontais Caomhnaithe chun cúnamh a thabhairt do úinéir agus/nó sealbhóir Struchtúr Cosanta Taifeadta chun oibreacha riachtanacha a ghlacadh mar chúram chun a chaomhnú a chinntiú.

10.2.20. Cuirfidh an Chomhairle na treoirlínte eisithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, maidir le struchtúir atá san áireamh i dTaifead na Struchtúr Cosanta agus go ceantair ainmnithe mar Cheantair Chaomhnaithe Ailtireachta i bhfeidhm.

Cuspóirí - Forbairt agus Cosaint na hOidhreachta Ailtireachta

10.2.21. Thar tréimhse an phlean comhlíonfaidh an Chomhairle suirbhé uileghabhálach ar ailtireacht dúchasach sa chontae chun cinntiú go n-aithnítear na foirgnimh seo agus go gcosnaítear iad go héifeachtach i dTaifead na Struchtúr Cosanta.

10.2.22. Tá éagsúlacht mhór i struchtúir agus timpeallachtaí mar phríomh-tréith de oidhreacht ailtireachta Chontae Chiarraí agus seasann sé seo do réise ama de ghníomhaíochtaí tógtha de níos mó ná 2000 bliain le srianta agus deiseanna an-difriúla.

Tá na struchtúir atá san áireamh i dTaifead na Struchtúr Cosanta liostaithe in Aguisín 2 (a).

Tá na struchtúir atá molta le cuir san áireamh i dTaifead na Struchtúr Cosanta liostaithe in Aguisín 2 (b).

Tá ceantair atá ar feitheamh ainmnithe mar Cheantair Chaomhnaithe Ailtireachta liostaithe in Aguisín 3.

Cuspóir Uimh.	Oidhreacht Ailtireachta
	Tá sé mar chuspóir de chuid na Comhairle:
BH 10-7	**Cuimsiú Struchtúir i dTaifead na Struchtúr Cosanta** a) Struchtúir, suímh agus ceantair sainspéise a thagann chuig aird an Chomhairle i dTaifead na Struchtúr Cosanta a chur san áireamh chomh luath agus atá indéanta i rith tréimhse an phlean. b) Iarracht a dhéanamh na struchtúir ar fad laistigh den chontae a bhfuil sainspéis ailtireachta, seandálaíochta, cultúrtha, sóisialta, stairiúil, ealaíonta, eolaíoch agus teicniúil ag baint leo a chosaint c) Aird a thabhairt ar mholtaí an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le struchtúir áirithe a chuir san áireamh.
BH 10-8	**Struchtúir san áireamh i dTaifead na Struchtúr Cosanta** Luachanna ailtireachta struchtúr ar leith atá san áireamh i dTaifead na Struchtúr Cosanta a chosaint agus a spreagadh trí éileamh go: a) gCaomhnítear an chreatlach dhílis a chuireann le sainspéis an struchtúir b) nDéanfaí deisithe áit is féidir nuair atá gné damáistithe nó imithe i léig agus nach mbeadh a athsholáthar ceadaithe.

	c) Ba cheart fuinneoga agus doirse stairiúla a dheisiú in ionad athsholáthar a dhéanamh orthu agus níor cheart do thirimlíneáil agus taisdíonadh damáiste a dhéanamh do obair phlástair nó do leaca. d) Ba cheart go mbeadh síntí comhbhraiteach don struchtúr a bhí ann níos luaithe agus níor cheart dóibh cur isteach ar nó damáiste a dhéanamh don gcreatlach nó do thimpeallacht an struchtúir eisigh, áit is féidir. e) Áit a mbíonn oiriúnú le haghaidh úsáid nua bainteach le leas leanúnach Struchtúr Cosanta, cothófar a charachtar ailtireachta agus coimeádfar a thréithe agus a thimpeallacht seachtrach. f) Cloífidh aon duine atá ag glacadh oibreacha ar Struchtúr Cosanta de lámh leis na caighdeáin imlínithe i bhfoilseachán RCORÁ "architectural heritage protection-Guidelines for Planning Authorities ”
BH 10-9	**Ceantair áirithe a ainmniú mar Cheantair Chaomhnaithe Ailtireachta** **a)** Áiteanna, ceantair, grúpa struchtúir nó baile-dhreacha áirithe a ainmniú mar ACAanna mar a mheasann an Chomhairle go bhfuil sainspéis ailtireachta, seandálaíochta, stairiúil, ealaíona, sóisialta, cultúrtha, eolaíoch nó teicniúil ag baint leo. **b)** Aird a thabhairt ar mholtaí an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maidir le ainmniú ceantair ar leith. **c)** Breathnú, i gcomhairle leis an bPolasaí Oidhreachta agus an Aonad um Chosaint Ailtireachta atá mar chuid den Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, ar ainmniú Ceantair Chaomhnaithe Ailtireachta láraithe ar an sean-sráidbhaile ar Oileán an Bhlascaod Mhór.

BH 10-10	**Ceantair Chaomhnaithe Ailtireachta** Luachanna ailtireachta Ceantar Caomhnaithe Ailtireachta a chosaint agus a fheabhsú trí éileamh nach mbeadh; o comharthaíocht, o troscán sráide, o soilsiú sráide agus o feistis nó fearais sofheicthe eile atá lonnaithe ar spásanna poiblí nó o suite ar struchtúir áirithe, o cosáin, o bóithre, o áiseanna páirceála nó eilimintí eile a fhoirmíonn na spásanna poiblí, o aon bhunathrú, athrú nó síneadh ar aon scála ar aon struchtúr laistigh den cheantar, o aon fhorbairt laistigh den cheantar; díobhálach go carachtar aon struchtúr ábhartha ar leith, struchtúir thadhlacha, nó an suíomh nó an ceantar agus go ndearfar go tuisceanach le carachtar aon struchtúr ábhartha ar leith, struchtúir thadhlacha, nó suíomh an cheantair. Cinntiú nach ndéantar damáiste do charachtar nó do chaighdeán ACA trí athruithe breisíocha go creatlach nó timpeallacht na bhfoirgneamh a dhéanann suas an ACA. Áit a dhéantar iarratas struchtúr a scartáil laistigh de ACA beidh gá le measúnú ar thionchar foirgneamh ionadaíochta ar charachtar an ACA.